C/2025/309

15.1.2025

Ráiteas ón gCoimisiún

(C/2025/309)

Leis an Rialachán seo lena leasaítear an Gníomh um Chibearshlándáil, cuirtear isteach an fhéidearthacht scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a fhorbairt le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe. Ag an am céanna, aithnítear go bhfuil sé ríthábhachtach athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar an nGníomh um Chibearshlándáil, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar na nósanna imeachta as a n-eascraíonn ullmhú, glacadh agus athbhreithniú na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála. Ba cheart an t-athbhreithniú sin a bheith bunaithe ar anailís dhomhain agus ar chomhairliúchán leathan maidir le tionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht fheidhmiú an chreata Eorpaigh um dheimhniú cibearshlándála. Ba cheart a áireamh san anailís a dhéanfar mar chuid den mheastóireacht a bhunaítear in Airteagal 67 den Ghníomh um Chibearshlándáil gníomhaíochtaí leanúnacha forbartha scéimeanna, amhail an ghníomhaíocht a bhaineann leis an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála do sheirbhísí néalríomhaireachta (EUCS) chomh maith le gníomhaíochtaí na scéimeanna arna nglacadh amhail an ghníomhaíocht a bhaineann leis an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála bunaithe ar chritéir chomhchoiteanna (EUCC).

Go háirithe, ba cheart a shainaithint san athbhreithniú láidreachtaí agus laigí na nósanna imeachta as a dtagann scéimeanna um dheimhniú cibearshlándála agus moltaí a cheapadh le haghaidh feabhsuithe amach anseo. Ba cheart aghaidh a thabhairt ann freisin ar ghnéithe a bhaineann le comhairliúcháin le geallsealbhóirí agus trédhearcacht an phróisis.

Dá réir sin, áiritheoidh an Coimisiún, atá freagrach as an athbhreithniú ar an nGníomh um Chibearshlándáil, go gcuirfear san áireamh san athbhreithniú, de réir mar is iomchuí, na heilimintí is gá a luaitear i bhfianaise Airteagal 67 agus an t-athbhreithniú á chur faoi bhráid na gcomhreachtóirí.